Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7378/24**

**FIN 224**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6413/24 |
| Ábhar: | Meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain airgeadais 2025 (Roinn II – an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle)<br>– *Formheas*<br>– *– Formheas litreach* |

1. An 1 Márta 2024, chuir Ardrúnaíocht na Comhairle na dréachtmheastacháin ar chaiteachas agus ioncam don bhliain airgeadais 2025 (Roinn II – An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) chuig an gCoiste um an mBuiséad, mar a leagtar amach in 6413/24 iad.

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad na dréachtmheastacháin ag an gcruinniú a bhí aige an 8 Márta 2024.

3. Chinn sí athbhreithniú a dhéanamh ar na meastacháin sin níos déanaí nuair a bheidh glacadh an tseasaimh ón gComhairle maidir leis an dréachtbhuiséad do 2025 á ullmhú aici. Leagtar amach dréachtráiteas in IARSCRÍBHINN 1.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad a mholadh go ndéanfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas:

– na meastacháin ar chaiteachas agus ioncam don bhliain airgeadais 2025 (Roinn II – An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) mar a leagtar amach in 6413/24 iad, a fhormheas;

– an dréachtráiteas a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 a chur isteach ina mhiontuairiscí;

– an dréachtlitir chuig an gCoimisiún a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 2 a fhormheas.

**IARSCRÍBHINN 1**

**DRÉACHTRÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE ATÁ LE CUR I MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE DE CHUID COREPER**

'Tá bunú mheastacháin na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle don bhliain airgeadais 2025, atá le háireamh sa dréachtbhuiséad a thíolacfaidh an Coimisiún i gcomhréir le forálacha Airteagal 314(1) CFAE, gan dochar don seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle atá le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 314(3) CFAE. Glacfaidh an Chomhairle a seasamh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na meastacháin, lena n-áirítear trí ghnéithe nua a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh tar éis bhunú na meastachán sin agus an cur chuige cothrománach maidir le caiteachas riaracháin na n-institiúidí.'

# DRÉACHTLITIR

ó: Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

D'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe na meastacháin ar chaiteachas agus ioncam don bhliain airgeadais 2025 (Roinn II – an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle)[1] atá le cur isteach sa dréachtbhuiséad do 2025.

(Beannachtaí scoir)

---

[1] 6413/24.